CINNEADH (CBES) 2020/849 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Meitheamh 2020

lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES [1] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Chinneadh 2010/413/CBES, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Tháinig an Chomhairle ar an tátal gur cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine agus gach eintiteas ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES a choimeád ar bun, a mhéid nach luaitear a n-ainmneacha in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCinneadh sin, agus gur cheart 10 n-iontráil atá in Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/413/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ

[1] Cinneadh 2010/413/CBES an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal "I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine", cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal "A. Daoine":

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"8.	Ebrahim MAHMUDZADEH		Iar-Stiúrthóir Bainistíochta Iran Electronic Industries (féach Cuid B, Uimh. 20). Is Ard-Stiúrthóir ar The Armed Forces Social Security Organization é faoi láthair.	23.6.2008
12.	Mohammad Reza MOVASAGHNIA		Iar-cheannaire ar Ghrúpa Tionscal Samen Al A'Emmeh (SAIG), dá ngairtear freisin Cruise Missile Industry Group. Ainmníodh an eagraíocht sin faoi Rún 1747 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus liostaítear í in Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhsheasamh 2007/140/CBES.	26.7.2010
25.	Sayed Shamsuddin BORBORUDI (ar a dtugtar freisin Seyed Shamseddin BORBOROUDI)	Dáta Breithe: 21.9.1969	Iar-Leas-Cheann Atomic Energy Organisation of Iran atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, áit a raibh sé faoi cheannas Feridun Abbasi Davani atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe. Tá sé rannpháirteach i gclár núicléach na hIaráine ó 2002 ar a laghad, lena n-áirítear mar iarcheannaire soláthair agus lóistíochta ag AMAD, áit a raibh sé freagrach as cuideachtaí caocha amhail Kimia Madan a úsáid chun trealamh agus ábhar a sholáthar do chlár arm núicléach na hIaráine.	1.12.2011";

(2) faoin gceannteideal "I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine", cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal "B. Eintitis":

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"87.	Khala Afarin Pars (ar a dtugtar freisin PISHRO KHALA AFARIN COMPANY)	An seoladh deiridh aige is eol dúinn: Unit 5, 2nd Floor, No 75, Mehran Afrand St, Sattarkhan St, Tehran.	Tá baint acu le trealamh agus ábhair a cheannach a bhfuil feidhmeanna díreacha acu i gclár núicléach na hIaráine.	1.12.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
161.	Sharif University of Technology	An seoladh deiridh aige is eol dúinn: Azadi Ave/Street, PO Box 11365-11155, Tehran, Iran, Tel: +98 21 66 161 Ríomhphost: info@sharif.ir	Tá roinnt comhaontuithe comhair ag Sharif University of Technology (SUT) le heagraíochtaí Rialtas na hIaráine atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe agus/nó ag an Aontas Eorpach, agus a fheidhmíonn i réimsí míleata nó a bhaineann le réimsí míleata, go háirithe i réimse tháirgeadh agus sholáthar na ndiúracán balaistíoch. Áirítear leis sin: comhaontú leis an Aerospace Industries Organisation atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach chun, i measc nithe eile, satailítí a tháirgeadh; oibriú i gcomhar le hAireacht Cosanta na hIaráine agus Iranian Revolutionary Guards Corps (IRGC) maidir le comórtais do bháid chliste; comhaontú níos leithne le hAerfhórsa IRGC lena gcumhdaítear caidreamh na hOllscoile, comhar eagraíochtúil agus straitéiseach a fhorbairt agus a neartú; Is cuid de chomhaontú 6 ollscoil é SUT a thacaíonn le Rialtas na hIaráine trí thaighde a bhaineann leis an gcosaint. I dteannta a chéile, léirítear leis an méid sin rannpháirtíocht shuntasach le Rialtas na hIaráine i réimsí míleata nó a bhaineann le réimsí míleata arb ionann iad agus tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	8.11.2014”;

(3) faoin gceannteideal “II. Islamic Revolutionary Guard Corps.”, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal “A. Daoine”:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“6.	IRGC Mohammad Ali JAFARI		Iar-Cheannasaí IRGC.	23.6.2008
7.	An Briogáidire-Ghinearál Mostafa Mohammad NAJJAR ó IRGC		Iar-Aire Gnóthaí Baile agus Iar-Aire MODAFL, a bhfuil freagracht air as gach clár míleata, lena n-áirítear cláir diúracán balaistíoch. Faoi láthair, tá sé ina chomhairleoir sinsearach ag Ceann General Staff of the Armed Forces.	23.6.2008
8.	An Briogáidire-Ghinearál Mohammad Reza NAQDI ó IRGC	Áit bhreithe: Nadjaf, an Iaráic Dáta Breithe: 1953	Leas-Chomhordaitheoir IRGC. Iar-Leas-Cheannasaí IRGC um Ghnóthaí Cultúrtha agus Sóisialta. Iar-Cheannasaí Fhórsa Frithbheartaíochta Basij.	26.7.2010

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
11.	An Briogáidire-Ghinearál Hossein SALAMI ó IRGC		Ceannasaí IRGC.	26.7.2010
13.	An Briogáidire-Ghinearál Ahmad VAHIDI ó IRGC		Uachtarán Supreme National Defense University agus iar-Aire MODAFL.	23.6.2008".